

Scéim Teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla

Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin

Márta 2021

INTREOIR:

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Scéim Teanga Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

De réir mar a d'fhorbair córas na scéimeanna, tá comhlachtaí éagsúla ag leagan síos spriocanna éagsúla ina scéimeanna féin agus tá difríochtaí anois ann maidir leis na seirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge ó chomhlachtaí éagsúla. Is é an deacracht a bhaineann leis seo ná nach mbíonn an pobal ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge, trí mheán an Bhéarla nó go dátheangach i gcónaí, agus cruthaítear fadhbanna agus daoine ag lorg seirbhísí dá réir. Tá moltaí san aighneacht seo, go háirithe 'An Tairiscint Ghníomhach' leis na fadhbanna seo a shárú.

Is í an aidhm chomh maith atá ag na moltaí san aighneacht seo ná samplaí den dea-chleachtas is fearr ó thaobh soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge i gcomhlachtaí poiblí a chur ar fáil in aon áit amháin, sa dóigh is go mbeidh comhlachtaí poiblí in ann na prionsabail seo a chur in oiriúint dá gcomhlachtaí féin. Tacóidh na moltaí seo le comhlachtaí poiblí a gcuid dualgais i leith na teanga a chomhlíonadh ar an bhealach is éifeachtaí agus is cuimsithí agus is féidir.

Tá ról ríthábhachtach ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin i dtaobh cur chun cinn na Gaeilge mar go bhfuil todhchaí oideachais na daltaí i bhur lámhe.

CÚLRA

Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá dualgas ar gach comhlacht poiblí atá ainmnithe san Acht scéim teanga a ullmhú nuair a iarrann an tAire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta a leithéid orthu agus an scéim reachtúil sin a chur i bhfeidhm. Maireann na scéimeanna seo tréimhse trí bliana nó go dtí go n-iarrtar ar an chomhlacht poiblí scéim nua a dhréachtú.

Déantar cur síos sa scéim ar na seirbhísí a bheartaíonn an comhlacht poiblí a sholáthar:

- trí Ghaeilge amháin
- trí Bhéarla amháin nó
- go dátheangach.

Freisin is gá go ndéanfaí sonrú ar na céimeanna atá i gceist ag an gcomhlacht poiblí a ghlacadh chun na seirbhísí atá luaite a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. Le linn forbairt na scéimeanna seo, tá comhlachtaí poiblí ag cur roinnt seirbhísí éagsúla ar fáil don phobal agus tá cur chuige i leith ag gach comhlacht poiblí faoin bhealach leis na dualgais seo a chur i gcrích. Is é an deacracht is mó a bhaineann leis seo ná go mbíonn sé deacair ar an phobal fios a bheith acu ar na seirbhísí atá ar fáil dóibh in am ar bith ó chomhlacht poiblí ar bith, agus cruthaíonn an éiginnteacht seo drogall i measc an phobail faoi seirbhísí Gaeilge a úsáid.

Ba chóir go ndéanfar iarracht an pobal a chur ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge agus ba chóir go mbeadh feabhas a dhéanamh ar na seirbhísí siúd go dtí go bhfuil siad ar chomhchéim iomlán leis na seirbhísí atá ar fáil trí mheán an Bhéarla.

POBAL NA GAEILGE I GCILL DARA AGUS I GCILL MHANTÁIN

De réir an daonáirimh dheireanaigh i 2016 tá 82,426 duine in ann Gaeilge a labhairt i gContae Chill Dara. I gContae Chill Mhantáin tá 49,955 in ann é a labhairt. Sin 40.2% den daonra i gContae Chill Dara agus 36.6% den daonra i gCill Mhantáin, tá an céatadán sin níos airde i gCill Dara ná an meán náisiúnta de 39.8%, ach níos ísle i gCill Mhantáin. Tá gá mar sin dul i ngleic leis sin agus iarraidh go mbeidh an céatadán níos airde ná an meán náisiúnta. Bheadh an-tionchar ag an mBord Oideachais agus Oiliúna é seo a athrú ina gníomhaíochtaí.

I dtaobh cainteoirí laethúla Gaeilge taobh istigh den chóras oideachais amháin, tá 30,065 cainteoir i gCill Dara agus 17,630 cainteoir i gCill Mhantáin ann. I dtaobh cainteoirí laethúla Gaeilge taobh istigh agus taobh amuigh den chóras oideachais, tá 995 cainteoir i gContae Chill Dara agus 590 i gCill Mhantáin. Is léir go bhfuil daonra mór ann a d'fhéadfadh a bheith ag iarraidh seirbhís Ghaeilge.



DEARCTHAÍ AN PHOBAIL

Ní amháin go bhfuil dualgais reachtúla ar chomhlachtaí poiblí seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge ach léiríonn taighde gur mhaith le daoine é seo a fheiceáil agus go gcreideann siad gur chóir go mbeadh seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid.

Creideann nach mór **leath ó thuaidh** agus **beirt i ngach triúr** ó dheas gur cheart don Stát níos mó tacaíochta a thabhairt don Ghaeilge; méadú suntasach ó 2015.

Bunús: Daoine Fásta, Aois 15+, 16+
(ó dheas=1,085, ó thuaidh=1,012)

"Ba cheart go gcuirfeadh an Stát níos mó tacaíochta ar fáil don Ghaeilge."



KANTAR MILWARDBROWN





88

Creideann **seachtar i ngach deichniúr** gur cheart go mbeadh seirbhísí curtha ar fáil ag an Stát trí Ghaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid.

Bunús: Daoine Fásta, Aois 15+, 16+
(ó dheas=1,085, ó thuaidh=1,012)

"Ba cheart go mbeadh seirbhísí curtha ar fáil ag an Stát ar fáil trí Ghaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid."



KANTAR MILWARDBROWN



10

Léiríonn na staitisticí seo thuas¹ gur mhaith leis an phobal a fheiceáil go bhfuil comhlachtaí poiblí ag comhlíonadh a gcuid dualgas maidir le seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

TAIRISCINT GHNÍOMHACH

Comhthéacs: Mura bhfuil an pobal ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil ó chomhlacht poiblí trí mheán na Gaeilge ní féidir leo nó beidh drogall orthu éileamh a dhéanamh ar na seirbhísí seo. Cruthaíonn tairiscint ghníomhach cultúr maith don phobal ó thaobh na Gaeilge de mar gheall go bhfuil sé soiléir do dhaoine go bhfuil fáilte roimh labhairt na Gaeilge sa chomhlacht agus go mbeidh seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge más sin an rogha a dhéanfar. Ní leor go mbeadh seirbhísí bunúsacha amháin ar fáil trí mheán na Gaeilge mura bhfuil sé ar chomhchaighdeán leis an tseirbhís atá ar fáil trí mheán an Bhéarla ón fhoinsé céanna. Caithfear fáil ar na seirbhísí seo bheith ag pobal na Gaeilge agus Gaeltachta gan aon choinníollacha ama nó iarrachtaí breise óna dtaobhsa. Mar chuid den tairiscint ghníomhach, is gá cinntiú go bhfuil an Ghaeilge le feiceáil i gcomhlachtaí poiblí ar chomhchéim leis an Bhéarla. Cruthaíonn feiceálacht na Gaeilge atmaisféar compordach do dhaoine a gcuid Gaeilge a úsáid agus fios acu go pléifear lena gcuid nó mar is cuí.

- Ba chóir go mbeadh comharthaíocht dhátheangach a chur in airde laistigh agus lasmuigh d'fhoirgnimh de chuid an chomhlachta.
- Ba chóir go mbeadh comhartha nó suaitheantas a bheith ag fostaí ar a ndeasc nó ar a n-éide atá in ann seirbhís a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.
- Ba chóir a mhór a dhéanamh de na seirbhísí ar fad atá ar fáil trí mheán na Gaeilge, ag úsáid gléasanna bolscaireachta agus poiblíochta.
- Foirmeacha nó foilseacháin eile bheith ar fáil go dátheangach nó as Gaeilge agus as Béarla go huathoibríoch, le cinntiú nach gcaithfear iarr ar leagan Gaeilge a fháil in áit leagan Béarla amháin.
- Ba chóir go bhfuil aon seastán, bileog eolais, póstaer srl de chuid comhlachta poiblí go dátheangach.
- I gcáipéisí dátheangacha, moltar leagan Gaeilge agus leagan Béarla den téacs a chur taobh le taobh le chéile, le cló den mhéid agus stíl céanna in úsáid.
- Ag ócáidí poiblí, ba chóir go n-úsáidfear an Ghaeilge mar chuid den ócáid sin le linn fáiltiú, óráidí, nó cainteanna eile le freastail ar phobal na Gaeilge.
- Ba chóir urlabhraí a chur ar fáil gur féidir leis/léi agallamh a dhéanamh leis na meáin trí mheán na Gaeilge.
- Ba chóir go mbeadh aon fhógraíocht atá le déanamh ar son aon chomhlacht poiblí go dátheangach, bíodh sin ar líne, sna meáin traidisiúnta, ar theilifis nó raidió srl.

Ní mór bheith airdeallach ar na pointí thuas agus an oifig ag dul i mbun gnó, go háirithe aon ghnó a le pobal na Gaeilge. Go siombalach agus go praiticiúil mar sin, tá géarghá ann go mbeadh na deiseanna céanna ag daoine bheith ag plé i nGaeilge leis an mBord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin is a bheadh acu an plé sin a dhéanamh i mBéarla.

LÁTHAIR AR LÍNE

Comhthéacs: Ar nós tairiscint ghníomhach a dhéanamh in áiteanna poiblí, is féidir léiriú trí láthair ar líne go bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge agus gur féidir seirbhísí trí mheán na Gaeilge a fháil ón chomhlacht phoiblí. Mar gheall ar an ról suntasach atá ag seirbhísí ar líne agus ag láthair ar líne, is mór an difear agus an tábhacht a bhaineann leis an chuid seo den tairiscint ghníomhach.

Rogha Teanga: Ba chóir go mbeadh rogha teanga ar fáil ar an chéad leathanach den tsuíomh leis an rogha Gaeilge ar bharr nó roimh rogha Béarla leis seo an rogha Gaeilge a chur chun tosaigh. Ba chóir freisin go

¹ Céard é an Scéal? Dearthaí an Phobail i leith na Gaeilge, 2018, Conradh na Gaeilge

mbeidh an rogha seo ar fáil ar gach leathanach ar an suíomh le cuidiú le daoine malartú idir an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla más maith leo é sin a dhéanamh.

Ábhar: Ba chóir go mbeadh gach ábhar ar líne ar fáil as Gaeilge. Níor leor go mbeadh aon leathanach amháin i rannóg Ghaeilge ar an suíomh leis na cáipéisí atá aistrithe go Gaeilge ag an chomhlacht air. Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge in úsáid fud fad an tsuímh agus gur féidir le daoine eispéireas iomlán a bheith acu ar an suíomh trí mheán na Gaeilge.

Foirmeacha ar líne: Ba chóir go mbeadh fáil ar líne ar fhoirmeacha aistrithe trí mheán na Gaeilge san áit céanna agus atá leagan Béarla ar fáil. Freisin, ba chóir cinntiú gur féidir le haon chóras ar líne glacadh le sintí fada le cinntiú gur féidir le daoine na foirmeacha seo a líonadh isteach mar is cuí.

Aistriúchán: Níor chóir brath ar seirbhís aistriúcháin uathoibríoch ar nós Google Translate. Níl sé cruinn agus níl seo oiriúnach do dhaoine atá ar lorg eolais ó chomhlacht phoiblí ar líne. Ba chóir aistritheoir proifisiúnta a fhostú a dhéanfaidh an obair seo mar is ceart ón tús. Agus príomhábhar an tsuímh aistrithe, ní bhíonn cuid mhór aistriúchán le déanamh.

Atreorú: Más rud é go n-athraítear rogha teanga úsáideora agus iad ar shuíomh Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin, níor chóir go ndéanfar atreorú orthu chuig leathanach baile an tsuímh nó chuig leathanach a phléann leis an Ghaeilge amháin. Ba chóir go mbeidh tú in ann malartú idir teangacha ar aon leathanach amháin.

Stíleanna agus Méideanna: Ba chóir go mbeadh na stíleanna agus na méideanna céanna in úsáid don dhá teanga a oiread agus is féidir. In amanna, is gá leasuithe a dhéanamh mar gheall ar mhéid focal nó fad frása i gcodanna áirithe den suíomh ach ba chóir go bhfuil feiceálacht an dá theanga chomh maith céanna maidir le leagan amach, inrochtaineacht srl.

Seoladh Fearainn: Ba chóir go mbeadh leagan Gaeilge den ainm fearainn ar fáil. Is féidir le dhá ainm fearainn bheith cláraithe leis an suíomh céanna, ceann as Gaeilge as ceann as Béarla. Mar shampla is féidir www.ainmanchomhlachta.ie agus www.nameofcompany.ie bheith in úsáid don tsuíomh céanna. Is féidir sintí fada a úsáid in ainm fearainn anois. B'fhiú iad a úsáid má tá ainm fearainn le bheith ann a bhfuil sintí fada ann. Is féidir an dá leagan den ainm fearainn a bheith ann as Gaeilge, ceann le sintí fada agus ceann gan, chun cinntiú go bhfuil fáil ag an pobal ar an suíomh go héasca de bharr taithí na blianta gan fada a úsáid sna ainmneacha fearainn.

Na meáin sóisialta: Tá ardú súntasach tagtha ar mhinicíocht teagmhála tríd na meáin sóisialta le comhlachtaí stáit le blianta beaga anuas agus ní mór do na comhlachtaí seo freastal ar an éileamh seo agus cumarsáid a dhéanamh leis an pobal ar na hardáin seo. Ar nós suíomhanna idirlín, ba chóir go mbeadh gach eolas atá le foilsiú ar na meáin sóisialta go dátheangach ar a laghad. Is féidir é seo a dhéanamh trí dhá theanga a chur isteach in aon phostáil amháin, nó trí dhá phostáil éagsúil a dhéanamh le ceann as Gaeilge agus an ceann eile as Béarla más gá. Tá an rogha ann freisin leathanach Facebook nó cuntas Twitter, Instagram, Snapchat, LinkedIn, srl. breise a chruthú as Gaeilge, ach a chinntiú go bhfuil an méid póstálacha céanna á dhéanamh as Gaeilge agus atá i mBéarla, ionas go bhfuil comhchaighdeán seirbhís sna dhá teangacha oifigiúla. Freisin, ba chóir go mbeadh an pobal in ann cumarsáid a dhéanamh leis an chomhlacht poiblí trí mheán na Gaeilge agus a bheith ag dúil le freagra as Gaeilge ón fhoinsé céanna.

Aipeanna: Ba chóir go mbeadh gach aip a fhorbraíonn an Bord dátheangach ar a laghad nó as Gaeilge amháin.

Scéim Teanga: Is gá go mbeidh an Scéim Teanga ar fáil ar an suíomh chun go mbeidh a fhios ag an bpobal céard iad na seirbhísí atá ar fáil as Gaeilge ag an mbord oideachais.

FOILSEACHÁIN AGUS FOIRMEACHA

Comhthéacs: Is gá go mbeadh eolas faoi sheirbhísí reatha, phleananna agus gach cineál eolais eile ar fáil go dátheangach i dtaca leis an Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin. Ba chóir gach ábhar a chur ar fáil go dátheangach, ina n-áirítear, bileoga eolais, paimfléid, foirmeacha, tuarascálacha bliantúla, cuntais, comharthaí, fógraí poiblí agus gach eolas eile a chuirtear ar fáil.

- Ba chóir go mbeadh an t-eolas seo ar fáil go comhuaineach agus gan gá le haon obair bhreise a dhéanamh thar mar a bheadh i gceist chun teacht ar an eolas i mBéarla.
- Ba chóir go mbeidh an Ghaeilge agus an Béarla in aon cháipéis nó foirm dhátheangach taobh le taobh leis an teanga eile faoi aon chlúdach amháin (réiteodh seo an fhadhb nach mbíonn foirmeacha Gaeilge ar fáil in oifigí stáit agus thabharfadh sé deis agus spreagadh don phobal ar fad foirmeacha a líonadh as Gaeilge más mian leo).
- Ba chóir go cinnteofar go mbeidh gach cáipéis a fhoilsiú as Gaeilge ag an am céanna agus a foilsítear leagan Béarla, nó ba chóir go bhfoilsítear cáipéisí go dátheangach leis an Ghaeilge leis an dhá teanga taobh ar thaobh le chéile.

ACMHAINNÍ DAONNA

Comhthéacs: Le seirbhísí teanga a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge ar bhealach éifeachtach agus oiriúnach d'obair na heagraíochta, is gá cúrsaí acmhainní daonna a chur san áireamh mar chuid de phleanáil teanga na heagraíochta.

- Ba chóir feachtais fheasachta agus seimineár eolais a chur ar fáil d'fhostaí maidir leis na dualgais atá ar chomhlachtaí poiblí maidir leis an Ghaeilge faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus cén fáth go bhfuil sé tábhachtach na dualgais seo a chomhlíonadh mar is cuí.
- Ba chóir eolas a chur ar fáil don phobal faoin fhoireann atá in ann seirbhís(i) a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge agus go n-eagrófaí córas cinnte chun teagmháil a dhéanamh leis na baill fhoirne sin agus chun a léiriú cén réimse seirbhíse atá siad in ann a chur ar fáil.
- Ba chóir go gcuirfeadh inniúlacht sa Ghaeilge san áireamh le linn próisis earcaíochta mar gheall ar an luach breise atá bainte leis seo don chomhlacht poiblí. Ní amháin sin ach go gcaithfeadh a chinntiú go bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge riachtanach do phoist áirithe ar nós fáilteoir, oifigeach Gaeilge, oifigeach preasa, máistir suómh, aistritheoirí, ateangairí agus aon phost eile a cheapfar go bhfuil gá don Ghaeilge ina réimse oibre.
- Ba chóir go mbeadh deiseanna oiliúna ar fáil do bhaill fhoirne nach bhfuil in ann seirbhís a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge le tacú leo é seo a dhéanamh sa todhchaí.
- Tá gá na poist a aithint atá gá le daoine le cumas líofa Gaeilge acu i labhairt, éisteacht, léamh agus scríobh na Gaeilge, m.sh. fáilteoir (príomhtheagmhálaí leis an bpobal), oifigeach Gaeilge, oifigeach preas, ateangairí, aistritheoirí, srl.. Mura bhfuil na poist sin san eagraíocht, fostaigh iad láithreach nó athraigh na róil san eagraíocht chun cinntiú gur cainteoirí Gaeilge atá sna poist sin, ionas gur féidir cearta pobal na Gaeilge agus Gaeltachta a chinntiú.
- Ba chóir go ndéanfar iniúchadh ar na deiseanna a bheadh ann maidir le seirbhís a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge dá mbeadh fostaí atá inniúil sa Ghaeilge i róil éagsúla agus spriocanna a leagadh síos maidir le líonadh na rólanna siúd le fostaí atá inniúil sa Ghaeilge.
- Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge feiceálach san áit oibre i gcomhlachtaí poiblí, áiteanna atá príobháideach d'fhostaí amháin san áireamh. Cuirfeadh le cultúr ina bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge dá mba rud é go bhfuil sí le feiceáil agus go spreagfar í a úsáid mar gheall air seo.
- Ba chóir go mbeadh an ceart céanna ag aon duine atá ag obair sa tseirbhís phoiblí lena gcuid oibre a dhéanamh leis an stát trí Ghaeilge, i. ardú céime, measúnú foirne, comhfhreagras inmheánach don fhoireann, srl.
- Ba chóir go gcaighdeán na Gaeilge ag na fostaithe sa bhord oideachais a bheith aitheanta tríd an bhfráma coiteann Eorpach, agus bheadh an Conradh ag moladh leibhéal B2 ar a laghad do na poist le Gaeilge.

- Beidh Reachtaíocht Gaeilge nua ag teacht isteach sár i bhfad agus mar chuid de sin beidh ar 20% d'earcaithe nua a bheith inniúil sa Ghaeilge. Tá gá mar sin polasaí earcaíochta a chruthú chun cinntiú go bhfuil líon den fhoireann le Gaeilge ag fás go tapa.

COMHFHREAGRAS AGUS TEAGMHÁIL LEIS AN PHOBAL

Comhthéacs: Clúdaíonn an téarma comhfhreagras gach teagmháil idir an saoránach agus an Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin, litreacha, ríomhphoist, scairteanna gutháin, teachtaireachtaí ar na meáin sóisialta srl. Déanfar tuilleadh plé ar chodanna áirithe de chomhfhreagras thíos ach is iad seo a leanas na bunphrionsabail atá le cur i bhfeidhm maidir le gach coinneáil comhfhreagrais:

- Ba chóir go mbeadh rogha teanga an duine soiléir don duine sin ó thús na teagmhála leis an duine sin agus an bord oideachais. Agus tús curtha le cumarsáid i dteanga amháin idir beirt dhuine, is minic go gcloítear leis an teanga sin cé go bhfuil roghanna eile ar fáil, mar sin caithfear an rogha teanga a chur in iúl a luaithe agus is féidir.
- Ba chóir nach mbeadh aon mhoill nó deacrachtaí acu siúd a dhéanann teagmháil leis an mBord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin trí mheán na Gaeilge mar gheall ar an rogha teanga. Ciallaíonn é seo nach mbeadh orthu fanacht tuilleadh ama le haghaidh freagra ar chomhfhreagras, nó go mbeadh moill ar a gcuid gnó mar gheall ar an rogha teanga a rinne siad. Dá mbeadh tuilleadh ama nó oibre de dhíth le gnó a dhéanamh leis an mbord oideachais trí mheán na Gaeilge, bainfear an rogha ó dhaoine i dtéarmaí praiticiúla mar gheall ar bhrú ama nó mar gheall nár mhaith le daoine deacrachtaí a chruthú.

RÍOMHPHOST

- Ba chóir go mbeadh síntí ríomhphoist corparáideach socruithe go dátheangach go huathoibríoch.
- Ba chóir go mbeadh aon teachtaireacht as-oifig nó freagra uathoibríoch eile scríofa go dátheangach.
- Ba chóir go mbeadh líne i síntí ríomhphoist ag daoine a bhfuil Gaeilge acu ag rá go bhfuil Gaeilge acu agus go gcuirtear fáilte roimh úsáid na Gaeilge leis an duine sin. Cé go bhfuil an ceart i gcónaí ag daoine comhfhreagras a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, cuireann sé seo daoine ar an eolas gur féidir leo bheith ag plé le duine i leith san eagraíocht trí mheán na Gaeilge agus spreagfar úsáid na Gaeilge mar gheall air.
- Ba chóir go mbeadh dhá ainm fearainn in úsáid as Gaeilge agus as Béarla. Is féidir na seoltaí a cheangal agus bheadh an sprioc céanna ag an dá ríomhphost más gá. Mar shampla, d'fhéadfaí eolas@ainmeagraíochta.ie agus info@nameoforganisation.ie a úsáid.

SCAIRTEANNA GUTHÁIN

- Nuair a théann scairteanna gutháin a thagann isteach chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin chuig lasc-chlár go huathoibríoch, ba chóir go mbeadh roghanna as Gaeilge ar fáil mar an chéad rogha.
- Ba chóir go dtabharfar leagan Gaeilge d'ainm na heagraíochtaí nuair a fhreagraítear scairt guthán.
- Ba chóir go mbeidh an fáilteoir i ngach oifig aitheanta mar phost a bhfuil Gaeilge mar riachtanas. Tá an fáilteoir mar chéad phríomhtheagmhála leis an bpobal agus mar sin caithfidh Gaeilge a bheith acu chun déileáil leis an bpobal i gceart. Mura bhfuil Gaeilge ag an bhfáilteoir beidh drogall ag an gcainteoir Gaeilge seirbhísí trí Ghaeilge a iarraidh amach anseo, mar go mbeidh sé inghlactha dóibh nach bhfuil seirbhís Ghaeilge ar fáil.

INIÚCHADH SOCHTHEANGEOLAÍOCHTA

- Aon gnímh (straitéis, polasaí, reachtaíocht a dréachtú, srl.) a dhéanann an bord a bhfuil tionchar ar chúrsaí oideachais i gContaetha Chill Dara agus Chill Mhantáin, tá gá leis an bhoird iniúchadh sochtheangeolaíochta a dhéanamh roimh a ndéantar an gnímh.

- Chun iniúchadh sochtheangeolaíochta ceart a dhéanamh caithfear breathnú agus cinntiú go bhfuil do ghníomh ag teacht leis an reachtaíocht agus straitéisí atá ann i dtaobh na Gaeilge de. Ina measc caithfear breathnú ar Airteagail 8, Bunreacht na hÉireann, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (mar chuid de seo, do Scéim Teanga féin), An tAcht Oideachais 1998, Stráitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus Plean Gníomhaíochta 2018 – 2022.
- Tá gá a chinntiú go bhfuil comhordú á dhéanamh leis an Roinn Oideachais, an Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, Gaeloideachas agus aon eagraíocht eile a bheadh ag plé leis an nGaeilge agus Gaeltacht i mbealach amháin nó bealach eile chun cinntiú go bhfuil gach tacaíocht do na scoileanna ag múineadh na Gaeilge nó trí Ghaeilge.
- Tá gá tacaíocht leanúnach a thabhairt do mhúinteoirí chun cinntiú go bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge d'ardchaighdeán (B2 Córas TEG i scileanna éisteachta, labhairt, léamh agus scríobh ar a laghad) ag na múinteoirí ina measc cúrsaí traenála, áiseanna, srl.)
- B'fhiú a chinntiú go bhfuil gach seirbhís ar fáil do na Gaelcholáistí faoi do chúram trí Ghaeilge. Murar féidir é sin a chinntiú b'fhiú smaoinemh an phátrúnacht do na Gaelcholáistí sin a athrú a bhfuil in ann na seirbhísí sin a chur ar fáil.

MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ

- Ba chóir go mbeadh Bainisteoir Sinsearach ag déanamh monatóireachta rialta (ar bhonn míosúil ar a laghad) ar chur i bhfeidhm na scéime. Ba chóir taifead a choinneáil ar gach uair a iarrtar seirbhís as Gaeilge agus cén saghas seirbhís atá lorgáitear. Ba chóir taifid a dhéanamh ar cé mhéad uair a dhéantar tairiscint ghníomhach ar sheirbhísí ar fáil as Gaeilge chomh maith.
- Tá sé luaite sa Scéim Teanga deireanach 'Beidh córas foirmiúil ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí i nGaeilge agus beidh cuntas air sin inár dTuarascáil Bhliantúil.' Ní raibh aon tagairt de seo sna tuairiscí bliantúla go dtí seo, is gá é seo a chinntiú sa todhchaí.
- Ba chóir don Bhord leithscéal scríofa a ghabháil le haon chustaiméir nach bhfaigheann seirbhís trí Ghaeilge nuair a lorgaíonn siad í.

CUSTAIMÉIRÍ

- I measc na gcustaiméirí/úsáideoirí seirbhísí Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin tá an tAire Oideachais agus Scileanna, comhaltaí eile den Oireachtas, ionadaithe poiblí áitiúla, an pobal, fostaithe sa Bhord, comhlachtaí poiblí eile, daoine aonair agus cuideachtaí a bhfuil caidreamh díreach gnó ag an Bord leo, ranna rialtais, comhlachtaí poiblí, an tAontas Eorpach, comhlachtaí trasteorainn, eagraíochtaí idirnáisiúnta, na meáin, agus grúpaí deonacha a bhíonn i dteagmháil leis an mBord mar gheall ar a shainleasanna agus a n-ábhar imní. Tá cuid de na custaiméirí sin ina chainteoirí Gaeilge agus caithfear aitheantas a thabhairt dá gcearta daonna trí sheirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge dóibh nuair a iarrann siad sin.

COMHARTHAÍOCHT

- Ba chóir iniúchadh a dhéanamh ar chomharthaíocht i bhfoirgnimh an bhoird oideachais agus cinntiú go bhfuil an chomharthaíocht ag cloí le hIonstraim Reachtúil Uimh. 391 de 2008.

FÓGRAÍOCHT

Ba chóir go mbeidh aon fhógra a chuirfidh an bord oideachais chun cinn sna meáin chumarsáide nó in áit phoiblí dátheangach ar a laghad nó i nGaeilge amháin.

MOLTAÍ EILE

- B'fhiú do Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin a bheith ag plé leis na heagraíochtaí Gaeilge áitiúla ar nós Crom Abú, Cill Dara le Gaeilge, Sult na Sollán, Gaeilge Nuada agus Cainteoirí Chill Mhantáin. Ba chóir don Bhord Oideachas a bheith le plé leis na heagraíochtaí Gaeilge sin chun scoilphobail a chruthú timpeall ar gach scoil atá faoi chúram an Bord Oideachais. <https://gaeloideachas.ie/wp-content/uploads/2019/08/Ár-bPolasaí-Scoilphobail-Lámhleabhar-don-bhunscoil-agus-iar-bhunscoil.pdf>
- Tá Plean Teanga cruthaithe ag Cill Dara le Gaeilge agus Sult na Sollán, ba chóir do na moltaí maidir le cúrsa oideachais atá ar leathanach 27 a chur i bhfeidhm. https://cilldaralegaelige.ie/wp-content/uploads/2021/01/Plean-teanga-do-Chontae-Chill-Dara-Leagan-1.1-2020_GAEILGE.pdf
- Tá ionadaí a mhol Conradh na Gaeilge, Siobhain Grogan, ar choiste Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin agus tá saineolas faoi leith aici sa réimse seo gur fiú úsáid a bhaint as don scéim seo. Tá Conradh na Gaeilge sásta mar eagraíocht tacaíocht a thabhairt don bhord oideachais chun an Ghaeilge a chur chun cinn.
- Tá ról ag Foras na Gaeilge 'comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach'. Ba chóir deis a ghlacadh chun comhairle ó Fhoras na Gaeilge a iarraidh nuair is gá.
- Is fiú don bhord oideachais suirbhé a dhéanamh i gCill Dara agus Cill Mhantáin maidir le héileamh an Ghaeloideachais sna contaetha sin. Ba chóir go mbeidh an céatadán de scoileanna nua a bhunaítear sa toadhcháil mar scoileanna den chóras ghaeloideachais ag meaitseáil an t-éileamh don ghaeloideachas sa phobal agus ag aithint na bearnaí. Is fiú dul i dteagmháil leis an eagraíocht Gaeloideachas agus an Foras Pátrúnachta le fiosrú na céimeanna is fearr le gaeloideachas nua a bhunú. Cé go bhfuil 2 ghaelcholáiste agus aonad den dara leibhéal faoi chúram an bord oideachais, níl aon ghaelscoil (sé sin scoil den céad leibhéal) faoi chúram an bord oideachais. Freisin ba chóir plean a chur le chéile chun an t-aonad sin a athrú ina nGaelcholáiste iomlán neamhspleách.
- Is gá don bhord oideachais a chinntiú go mbeidh Gaeilge ag gach ball boird de na boird bainistíochta ar na scoileanna atá feidhmiú trí Ghaeilge agus go mbeidh an Ghaeilge mar teanga oibre gach bord.
- Ba chóir go mbeidh gach cáipéis oifigiúil agus cúrsa a chuirtear ar fáil don bhord bainistíochta agus an fhoireann do na scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge curtha ar fáil trí Ghaeilge.
- Ní cóir go mbeidh an bord oideachais sásta airgead a thabhairt do thionscadal mura bhfuil 10% nó níos mó den tionscadal i nGaeilge agus leagan Gaeilge ar fáil d'aon ábhar a sholáthrófar do scoileanna.
- Ba chóir go mbeidh an Ghaeilge luaite i ngach polasaí atá bainteach le cultúr, ealaíon, oidhreacht srl.
- Ba chóir go mbeidh sé mar pholasaí ag gach scoil a fheidhmíonn trí Bhéarla atá faoi chúram an bord oideachais go mbeidh siad ag cur i bhfeidhm FCÁT (Foghlaim Comhtháite Ábhar agus Teanga/cha) chun níos mó teagmháil leis an nGaeilge a thabhairt do na daltaí.
- Tá sé faoi chúram na príomhoidí anois cinneadh a dhéanamh faoi dhíolúine ón nGaeilge a thabhairt do dhalta má iarrtar ar dhíolúine. Creideann Conradh na Gaeilge ba chóir gach deis a thabhairt don dalta Gaeilge a fhoghlaim agus cúnaimh breise a thabhairt don dalta sin. Beidh Conradh na Gaeilge sásta ceardlann a eagrú do na príomhoidí ó shaineolaithe ar an díolúine ina mbeidh siad in ann caint faoin gcóras díolúine agus na tacaíochtaí breise atá ar fáil do dhaltaí an Ghaeilge a fhoghlaim.

CONCLÚID

Ba chóir go mbeidh Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin in ann seirbhís shásúil a chur ar fáil do phobal na Gaeilge má gcuirtear na moltaí thuas san áireamh sa scéim teanga á chur le chéile.

Is gá a chuimhneamh agus an Scéim Teanga á dréachtú go mbeidh Acht Teanga nua ag teacht isteach a bheidh bunaithe ar chaighdeán seachas scéimeanna. Tá gá don bhord oideachais ullmhú i dtreo na caighdeán agus an

Scéim Teanga nua seo á dhréachtú. Mar a dúirt an Coimisinéir Teanga os comhair an Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán ar an 21 Bealtaine, 2019 'Ó thaobh scéimeanna teanga, an rud atá ráite agam ná gur cheart go mbeadh aon scéim teanga nua atá á dhaingniú ag an Aire eolach go bhfuil an caighdeán ag teacht, chomh fada is atá muid ag fanacht air. Má tá scéim teanga nua á aontú, ba chóir go dtuigtear agus go nglacfar leis go gcaithfidh sé a bheith ag dul i dtreo na gcaighdeán... De bharr sin, nuair atá scéim teanga á dhaingniú le comhlachtaí, ba chóir go mbeadh an Roinn ag rá leo go bhfuil caighdeán ar an mbealach, go mbeidh nithe sa gcaighdeán i gcomhair seirbhísí idirghníomhacha, mar sin, chomh fada is atá muid ag fanacht air sin, bíodh sé sa scéim teanga.'